RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/516 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Márta 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas atá beartaithe le haghaidh bunaíochtaí dobharshaothraithe áirithe, lena scaoileadh san fhiadhúlra, nó chun críoch eile, seachas lena gcaitheamh go díreach ag an duine

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 238(3), pointí (a) agus (c), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 90 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún ([3]) leagtar amach na deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas.

(2) Go háirithe, in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 leagtar amach an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas atá beartaithe le haghaidh bunaíochtaí dobharshaothraithe áirithe, lena scaoileadh san fhiadhúlra, nó chun críoch eile, seachas lena gcaitheamh go díreach ag an duine (deimhniú caighdeánach "AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER"). Leasaíodh Airteagal 166 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([4]) le déanaí le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/119 ([5]) chun cead a thabhairt do ghairmithe sláinte ainmhithe uisceacha cigireachtaí cliniciúla a dhéanamh ar choinsíneachtaí ainmhithe uisceacha sula n-onnmhairítear na hainmhithe sin chuig an Aontas, ar

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha i dtaca le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir le deimhnithe den sórt sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 1251/2008 (IO L 442, 30.12.2020, lch. 410).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/119 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le teacht isteach coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 16, 18.1.2023, lch. 5).

choinníoll go bhfuil siad údaraithe sin a dhéanamh faoi dhlí na tríú tíre nó críche is onnmhaireoir. Ba cheart na ceanglais maidir leis na coinsíneachtaí sin a theacht isteach san Aontas a léiriú i bpointe II.3.2 den deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach sin. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 a leasú dá réir.

(3) Chun aon chur isteach ar thrádáil a sheachaint a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí d'ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas atá beartaithe le haghaidh bunaíochtaí dobharshaothraithe áirithe, lena scaoileadh san fhiadhúlra, nó chun críoch eile, seachas lena gcaitheamh go díreach ag an duine, maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe a eisítear i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, ba cheart a n-úsáid a údarú i gcónaí ar feadh idirthréimhse faoi réir coinníollacha áirithe.

(4) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón 21 Aibreán 2021, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun trádáil a éascú, ba cheart éifeacht a bheith ag na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 mar ábhar práinne.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ar feadh idirthréimhse go dtí an 15 Nollaig 2023, coinsíneachtaí d'ainmhithe uisceacha atá beartaithe le haghaidh bunaíochtaí dobharshaothraithe áirithe, lena scaoileadh san fhiadhúlra, nó chun críoch eile, seachas lena gcaitheamh go díreach ag an duine, agus an deimhniú sláinte ainmhithe ag gabháil leo arna eisiúint i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar ar an Rialachán Cur Chun Feidhme sin leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, údarófar na coinsíneachtaí sin a theacht isteach san Aontas go fóill ar choinníoll gur eisíodh an deimhniú sin tráth nach déanaí ná an 15 Meán Fómhair 2023.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236:

'IARSCRÍBHINN II

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach seo a leanas in Iarscríbhinn II:

Deimhniú caighdeánach

AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/ OTHER	Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas atá beartaithe le haghaidh bunaíochtaí dobharshaothraithe áirithe, lena scaoileadh san fhiadhúlra, nó chun críocha eile, seachas lena gcaitheamh go díreach ag an duine

DEIMHNIÚ sláinte ainmhithe CAIGHDEÁNACH LE hAGHAIDH TEACHT ISTEACH ainmhithe uisceacha SAN AONTAS ATÁ beartaithe LE hAGHAIDH BUNAÍOCHTAÍ DOBHARSHAOTHRAITHE ÁIRITHE, lena scaoileadh san fhiadhúlra, NÓ CHUN CRÍOCHA EILE, seachas LENA gCAITHEAMH GO DÍREACH AG AN DUINE (deimhniú caighdeánach 'AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER')

TÍR					**Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach**			
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a**	**Tagairt IMSOC** **CÓD QR**
					I.3	**Údarás Inniúil Lárnach**		
					I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**		
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO	**I.6**	**An t gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	- oibr	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**		Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**		Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa	Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa	Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**			**I.14**	**Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Modh iompair** ☐ Aerárthach ☐ Soitheach ☐ Iarnród ☐ Feithicil bhóthair Aitheantas			**I.16**	**Post Rialaithe Teorann um Theacht Isteach**		
					I.17	**Doiciméid tionlacain** Cineál Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála		
	I.18	**Coinníollacha iompair**	☐ Comhthimpeallach	☐ Fuaraithe	☐ Reoite			
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala				
	I.20	**An cineál deimhniúcháin**						
		☐ Le coimeád thairis sin	☐ Bunaíocht theoranta ☐ Bunaíocht choraintín ☐ Limistéar athsheachadta	☐ Scaoileadh amach san fhiántas ☐ Eile	☐ Bunaíocht dobharshaothraithe ornáideach			
	I.21	**☐ Le haghaidh iompair** Tríú tír		Cód tíre ISO	**I.22**	**☐ Don mhargadh inmheánach**		
					I.23			

I.24	**Líon iomlán pacáistí**		**I.25**	**Cainníocht iomlán**		**I.26**	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**	
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**							
Cód AC	Speicis	Fospeiceas/Catagóir		Cineál an tráchtearra	Cineál pacáistíochta		Aois	Cainníocht
					An líon pacáistí			Glanmheáchan
					Uimhir formheasa nó cláruimhir na bunaíochta			

TÍR **Deimhniú caighdeánach** -

AQUA

Cuid II: Deimhniúchán

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt IMSOC**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil, a bhfuil mó shíniú thíos:

II.1. De réir faisnéis oifigiúil, comhlíonann na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 na ceanglais seo a leanas maidir le sláinte ainmhithe:

II.1.1. Is de thionscnamh [bunaíocht] (1) [gnáthóg] (1) iad na hainmhithe uisceacha, ar áit í nach bhfuil faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe nó toisc go raibh mortlaíocht neamhghnách ag tarlú lena bhfuil cúis neamhchinntithe, lena n áirítear na galair a dtagraítear dá dtagraítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha do na speicis agus do ghalair atá ag teacht chun cinn.

II.1.2. Ní bheartaítear na hainmhithe uisceacha a mharú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha do na speicis agus galair atá ag teacht chun cinn.

(1) [II.2. Comhlíonann na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 na ceanglais seo a leanas:

II.2.1. Tagann siad ó bhunaíocht dobharshaothraithe atá [cláraithe] (1) [formheasta] (1) ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch thionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun agus a choimeád ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad:

(i) speicis, catagóirí agus líon na n ainmhithe dobharshaothraithe ar an mbunaíocht dobharshaothraithe;

(ii) gluaiseachtaí ainmhithe uisceacha isteach sa bhunaíocht dobharshaothraithe, agus ainmhithe dobharshaothraithe amach aisti;

(iii) mortlaíocht sa bhunaíocht dobharshaothraithe.

II.2.2. Tagann siad ó bhunaíocht dobharshaothraithe ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha do na speicis agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, de réir minicíocht atá i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht dobharshaothraithe.]

II.3. Ceanglais ghinearálta maidir le sláinte ainmhithe

Comhlíonann na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 na ceanglais sláinte ainmhithe seo a leanas:

II.3.1. Is de thionscnamh [tír] (1)[críoch], (1) [crios] (1) [deighleog] (1) ag a bhfuil an cód seo a leanas iad na hainmhithe uisceacha: __ __ - __ (2) atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe seo, liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 B ón gCoimisiún maidir speiceas áirithe d'ainmhithe uisceacha teacht isteach san Aontas.

II.3.2. Rinneadh cigireacht chliniciúil orthu i gcomhréir le hAirteagal 166 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 laistigh de thréimhse 72 uair an chloig roimh an am luchtaithe. I rith na cigireachta, níor léirigh na hainmhithe uisceacha aon chomhartha cliniciúil de ghalar in bunaíochta dobharshaothraithe, níor léiríodh aon fhadhb maidir le galar.

II.3.3. Seolfar chuig an Aontas iad go díreach ón mbunaíocht tionscnaimh.

II.3.4. Ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe uisceacha ag a raibh stádas sláinte níos ísle.

(1) *cibé acu* [**II.4. Ceanglais shonracha maidir le sláinte**

TÍR		Deimhniú caighdeánach AQUA -
	[II.4.1.	**Ceanglais maidir le speicis liostaithe[3] i dtaca le Neacróis fhuilghinte eipeasótach, Ionfhabhtú le *Mikrocytos mackini*, Ionfhabhtú le *Perkinsus marinus*, Ionfhabhtú le Víreas shiondróm Taura agus Ionfhabhtú le víreas na gceann buí** Na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht i mBosca I.27, is de thionscnamh [1] [tír] [1] [críoch] [1] [crios] [1] [deighleog] iad ar dearbhaíodh ina leith gur saor é nó í ó [1] [Neacróis fhuilghinte eipeasótach] [1] [Ionfhabhtú le *Mikrocytos mackini*] [1] [Ionfhabhtú le *Perkinsus marinus*] [1] [Ionfhabhtú le Víreas shiondróm Taura] [1] [Ionfhabhtú le víreas na gceann buí] i gcomhréir le coinníollacha atá chomh dian ar a laghad agus atá na ceanglais sin a leagtar amach in Airteagal 66 nó in Airteagail 73 [1] agus Airteagal 73(2), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 [C] ón gCoimisiún agus i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas fíor faoi na [3] speicis liostaithe uile i dtaca leis an ngalar nó na galair ábhartha: (i) tugadh isteach iad ó thír nó ó chríoch eile, nó ó chrios nó ó dheighleog eile de thír nó de chrios eile ar dearbhaíodh ina leith gur saor é nó í ón ngalar céanna (ó na galair chéanna); (ii) nach bhfuil vacsaínithe in aghaidh an ghalair sin [1] nó na ngalar [sin][1].]
	[II.4.2.	**Ceanglais maidir le speiceas liostaithe[3] i dtaca le Seipticéime fuilreatha víreasach (VHS), Neacróis fhuilghinte thógálach (IHN), ionfhabhtú le víreas ainéime ionfhabhtaíoch HPR *Marteilia refringens*, ionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*, ionfhabhtú le *Bonamia ostreae*, agus ionfhabhtú le Víreas na spotaí bána** Maidir leis na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 is de thionscnamh [tír] [1] [críoch] [1] [crios] [1] [deighleog] [1] iad ar dearbhaíodh ina leith gur saor é nó í ó [Seipticéime fuilreatha víreasach (VHS)] [1] [Neacróis fhuilghinte thógálach (IHN)] [1] [ionfhabhtú le víreas ainéime ionfhabhtaíoch HPR [1] scrios ina bhfuil an tréadaí *Marteilia refringens*] [1] [ionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*] [1] [ionfhabhtú le *Bonamia ostreae*] [1] [ionfhabhtú le Víreas na spotaí bána] [1] i gcomhréir le Cuid II, Caibidil 4, de Rialachán (AE) 2020/689 agus i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas fíor maidir leis na [3] speicis liostaithe uile i dtaca leis an ngalar nó na galair ábhartha: (i) tugadh isteach iad ó thír nó ó chríoch eile, nó ó chrios nó ó dheighleog eile de thír nó de chrios eile ar dearbhaíodh ina leith gur saor é nó í ón ngalar céanna (ó na galair chéanna); (ii) nach bhfuil vacsaínithe in aghaidh an ghalair sin [1] nó na ngalar [sin][1].]
	[II.4.3.	Ceanglais le haghaidh na [6] speiceas atá so-ghabhálach i leith ionfhabhtú víréime an Earraigh um víreas carbáin (SVC), galar baictéarach duáin (BKD), ionfhabhtú leis an víreas neacróis phaincréasach thógálach(IPN), ionfhabhtú le Gíreadachtalóis (GS), ionfhabhtú le alfa-víreas salmainide (SAV) ionfhabhtú le víreas heirpéis Ostreid 1 µvar (OsHV-1 µvar) agus na speiceas [3] atá so-ghabhálach i leith víreas heirpéis Koi Maidir leis na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 is de thionscnamh [tír] [1] [críoch] [1] [crios] [1] [deighleog] iad lena gcomhlíontar na ráthaíochtaí sláinte a mhéid a bhaineann le [SVC], [1] [BKD], [1] [IPN] [1] [GS,] [1] [SAV,] [1] [OsHV-1 µvar] [1] [KHV] [1] is gá chun na bearta náisiúnta a chomhlíonadh is infheidhme sa Bhallstát cinn scríbe, i gcomhréir le hAirteagal 175 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus a bhfuil an Ballstát nó cuid de, liostaithe in [Iarscríbhinn I] [1] [Iarscríbhinn II] [1] a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún [D].]
(1) nó	[II.4.	**Ceanglais shonracha maidir le sláinte** Is ainmhithe uisceacha iad na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 atá dírithe ar bhunaíocht theoranta a chomhlíonann ceanglais Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 [E] ón gCoimisiún i gcás ina bhfuil siad le húsáid chun críocha taighde.]

TÍR		Deimhniú caighdeánach AQUA -
	(1) nó [**II.4. Ceanglais shonracha maidir le sláinte** Is ainmhithe uisceacha fiáine iad na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 [a cuireadh i gcoraintín i mbunaíocht a formheasadh chun na críche sin ag an údarás inniúil sa [tír] (1) [críoch] (1)thionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691.] (1) [a chuirfear i gcoraintín i mbunaíocht a formheasadh chun na críche sin i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691.] (1) II.5. A mhéid is eol dom, agus mar a dhearbhaíonn an t-oibreoir, na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27, ní léiríonn siad aon siomptóm galair agus tagann siad ó [bunaíocht] (1) [gnáthóg] (1) a bhfuil na dálaí seo a leanas ag baint léi: (i) ní raibh aon bhás mínormálta inti a raibh cúis neamhchinntithe leis; agus (ii) ní raibh na hainmhithe uisceacha i dteagmháil le hainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe (3) nár chomhlíon na ceanglais dá dtagraítear i bpointe II.I. **II.6. Ceanglais iompair** Rinneadh socruithe chun na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 a iompar i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 167 agus 168 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus an méid seo a leanas go sonrach: II.6.1. seoltar na hainmhithe uisceacha chuig an Aontas go díreach ón mbunaíocht tionscnaimh agus ní dhíluchtaítear óna gcoimeádán iad nuair a iompraítear trí aeriompar, ar muir, d'iarnród nó de bhóthar iad; II.6.2. ní dhéantar an t nuisce ina gcrios nó i ndeighleog de thríú tír nó de chríoch nach bhfuil liostaithe maidir leis na speicis áirithe agus leis an gcatagóir áirithe d'ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas; II.6.3. ní iompraítear na hainmhithe faoi dhálaí lena gcuirtear a stádas sláinte i mbaol, go háirithe: (i) i gcás ina n a stádas sláinte; (ii) tá an modh iompair agus na coimeádáin tógtha ar bhealach nach gcuirtear stádas sláinte na n-ainmhithe uisceacha i gcontúirt le linn a n-iompair; (iii) níor úsáideadh [an coimeádán] (1) [an bád umair] (1) roimhe nó glanadh agus díghalraíodh é, i gcomhréir le prótacal agus le táirgí a bheidh formheasta ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche tionscnaimh, sular luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas; II.6.4. ón am a luchtaítear iad ag an mbunaíocht tionscnaimh go dtí an t-am a shroicheann siad an tAontas, ní iomprófar na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 san uisce céanna ná sa [coimeádán] (1) [bád umair] (1) in éineacht le hainmhithe uisceacha a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu nó nach bhfuil beartaithe lena dteacht isteach san Aontas; II.6.5. i gcás inar gá uisce a mhalartú [i dtríú tír] (1) [i gcríoch] (1) [i gcrios] (1) [i ndeighleog] (1) atá liostaithe maidir leis an speiceas áirithe agus leis an gcatagóir áirithe ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas, ní tharlaíonn sé sin ach amháin [i gcás iompair ar thalamh, ag pointí malartaithe uisce a bheidh formheasta ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche mar a dtarlaíonn an malartú uisce.] (1) [i gcás iompair ar bhád umair, ag achar atá 10 km ar a laghad ó aon bhunaíocht dobharshaothraithe atá lonnaithe ar an tslí ón áit tionscnaimh chuig an gceann scríbe san Aontas.] (1)	

TÍR		Deimhniú caighdeánach
	AQUA	-
	II.7. Ceanglais maidir le lipéadú Rinneadh socruithe maidir [leis na modhanna iompair] (1) [leis na coimeádáin] (1) a shainaithint agus a lipéadú i gcomhréir le hAirteagail 169(1) agus 169(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus go sonrach: II.7.1. sainaithnítear an choinsíneacht [le lipéad inléite infheicthe ar thaobh amuigh an choimeádáin] (1) [le hiontráil i lastliosta na loinge agus í á hiompar le bád umair,] (1) lena nasctar an choinsíneacht go soiléir leis an deimhniú sláinte ainmhithe seo; II.7.2. ar an lipéad inléite agus infheicthe beidh an méid seo a leanas, ar a laghad: (a) an líon coimeádán sa choinsíneacht; (b) ainm na speiceas atá i ngach coimeádán; (c) an líon ainmhithe i ngach coimeádán i dtaca le gach ceann de na speicis atá ann; (d) an chríoch dá bhfuil na hainmhithe uisceacha beartaithe. **II.8. Bailíocht an deimhnithe sláinte ainmhithe** Tá an deimhniú sláinte ainmhithe seo bailí ar feadh tréimhse 10 lá ón dáta eisiúna. I gcás ina n 10 lá sin ar feadh an turais ar uiscebhealach/ar muir. **Nótaí** I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí don Aontas sa deimhniú sláinte ainmhithe seo. Ciallaíonn 'ainmhithe uisceacha' ainmhithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (3), de Rialachán (AE) 2016/429. 'Ainmhithe dobharshaothraithe' is ea ainmhithe uisceacha atá faoi réir dobharshaothrú faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (7) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/429. Maidir leis an deimhniú sláinte ainmhithe seo, tá sé beartaithe le haghaidh ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas, ainmhithe a bhfuil an chríoch atá beartaithe dóibh léirithe i dteideal an deimhnithe, lena n-áirítear i gcás nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin. Ní úsáidfear an deimhniú sláinte ainmhithe seo chun ainmhithe uisceacha lena gcaitheamh ag an duine teacht isteach san Aontas, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [H] agus Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún [I], lena n ceaptha le cur go dtí na bunaíochtaí dobharshaothraithe seo a leanas: (i) bunaíocht rialaithe galar do bhia uisceach mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (52) de Rialachán (AE) 2016/429, nó (ii) lárionad seolta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691. I gcás na n-ainmhithe uisceacha sin, ní mór úsáid a bhaint as an deimhniú caighdeánach FISH-CRUST-HC ina leith, mar a leagtar amach i gCaibidil 28 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 [F] ón gCoimisiún, nó deimhniú caighdeánach MOL-HC mar a leagtar amach i gCaibidil 31 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, de réir mar is ábhartha. Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe sin a chomhlánú i gcomhréir leis na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.	

TÍR	Deimhniú caighdeánach AQUA -
	Cuid II: (1) Coimeád mar is iomchuí/scrios murab infheidhme. I gcás Chuid II.4.1., ní cheadaítear scriosadh más ann sa choinsíneacht do speicis atá liostaithe i dtaca le Neacróis fhuilghinte eipeasótach, Ionfhabhtú le *Mikrocytos mackini*, Ionfhabhtú le *Perkinsus marinus*, Ionfhabhtú le Víreas shiondróm Taura nó Ionfhabhtú le víreas na gceann buí. (2) Cód an tríú tír nó na críche, nó crios nó deighleog de thríú tír nó de chríoch mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún. (3) Speicis liostaithe dá dtagraítear i gcolúin 3 agus 4 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882[G] ón gCoimisiún. Ní mheasfar gur speicis veicteora na speicis veicteora a liostaítear i gcolún 4 den tábla sin ach amháin i gcás ina gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. (4) Infheidhme i ngach cás ina bhfuil ainmhithe uisceacha le scaoileadh amach san fhiadhúlra san Aontas nó i gcás ina bhfuil stádas saor ó ghalar ag an mBallstát cinn scríbe le haghaidh ghalar Chatagóir C mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (3), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, nó nuair atá an Ballstát faoi réir clár díothúcháin roghnach a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2016/429. (5) Níl sé infheidhme ach i gcás ina bhfuil bearta náisiúnta formheasta ag an mBallstát cinn scríbe nó cuid de, i bhfeidhm i dtaca le galar sonrach mar a liostaítear in Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260; scriostar é i ngach cás eile. (6) Speicis a liostaítear i gcolún 2 den tábla in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa Stampa — Síniú

[A] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

[B] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

[C] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

[D] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2021 lena bhformheastar bearta náisiúnta arna gceapadh chun an tionchar a bhíonn ag galair áirithe ainmhithe uisceacha a theorannú i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/221/AE ón gCoimisiún (IO L 59, 19.2.2021, lch. 1).

[E] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le bunaíochtaí dobharshaothraithe agus le hiompróirí ainmhithe uisceacha(IO L 174, 3.6.2020, lch. 345).

[F] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 an 16 Nollaig 2020 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1).

[G] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

[H] Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).'.